2025/625

31.3.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/625 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Márta 2025

lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, íoscheanglais maidir le deimhnithe daoine nádúrtha agus dlítheanacha agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe den sórt sin a mhéid a bhaineann le trealamh cosanta dóiteáin do-aistrithe ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe áirithe nó roghanna malartacha ábhartha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 304/2008 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/573 an 7 Feabhra 2024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/573, áirítear oibleagáidí maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha a dheimhniú chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí áirithe ina n-úsáidtear gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó roghanna malartacha ábhartha.

(2) Le Rialachán (AE) 2024/573 tugadh isteach rialacha nua maidir le hoibleagáidí deimhniúcháin le haghaidh trealamh cosanta dóiteáin do-aistrithe. Cumhdaítear leis na rialacha nua sin liosta leathnaithe substaintí a bhíonn i dtrealamh cosanta dóiteáin do-aistrithe, lena n-áirítear na roghanna malartacha ábhartha, eadhon, sárfhluara(2-meitil-3-peantánón), trífhluaraitiaimeatán (iaidíd trífhluaraimeitile), agus 2-bróma-3,3,3-trífhluarapróp-1-en (2-BTP).

(3) Leis na ceanglais maidir le hábhar na gclár deimhniúcháin, ba cheart láimhseáil shábháilte agus cosc ar sceitheadh agus sceitheadh ón trealamh a áirithiú.

(4) Is gá, dá bhrí sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/573, na híoscheanglais maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha a dheimhniú a thabhairt cothrom le dáta maidir leis na scileanna agus an t-eolas atá le cumhdach i ndáil le trealamh cosanta dóiteáin do-aistrithe agus chun na rialacha le haghaidh an deimhnithe agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe a shonrú.

(5) Cuireadh Rialachán (AE) 2024/573 in ionad Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 304/2008 ([3]) ón gCoimisiún a aisghairm.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, arna bhunú le hAirteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2024/573,

([1]) IO L, 2024/573, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/573/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/517/oj).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 304/2008 ón gCoimisiún an 2 Aibreán 2008 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, na híoscheanglais agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach um dheimhniú cuideachtaí agus pearsanra maidir le córais chosanta dóiteáin do-aistrithe agus múchtóirí dóiteáin ina bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe áirithe (IO L 92, 3.4.2008, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/304/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le daoine nádúrtha a dhéanann na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) suiteáil, deisiú, cothabháil nó seirbhísiú chomh maith le díchoimisiúnú an trealaimh cosanta dóiteáin ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Airteagal 1 agus i Roinn 1 d'Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2024/573, agus na substaintí malartacha ábhartha sárfhluara(2-meitil-3-peantánón), trífhluaraitiaimeatán (iaidíd trífhluaraimeitile), agus 2-bróma-3,3,3-trífhluarapróp-1-en (2-BTP);

(b) seiceálacha sceite ar an trealamh cosanta dóiteáin do-aistrithe a liostaítear ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus i Roinn 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573;

(c) gáis cheaptha teasa fhluairínithe a athshlánú ón trealamh cosanta dóiteáin do-aistrithe.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le daoine dlítheanacha a dhéanann, thar ceann tríú páirtithe, suiteáil, deisiú, cothabháil, seirbhísiú nó díchoimisiúnú an trealaimh cosanta dóiteáin a liostaítear in Airteagal 1 ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus i Roinn 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 agus na substaintí malartacha sárfhluara(2-meitil-3-peantánón), trífhluaraitiaimeatán (iaidíd trífhluaraimeitile), agus 2-bróma-3,3,3-trífhluarapróp-1-en (2-BTP).

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haon ghníomhaíocht mhonaraíochta a dhéantar ar láithreán mhonaróir an trealaimh cosanta dóiteáin do-aistrithe.

Airteagal 2

Deimhnithe do dhaoine nádúrtha

1. Beidh deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 3 ag na daoine dlítheanacha a dhéanann na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(1).

2. Daoine nádúrtha a dhéanann ceann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), ní bheidh siad faoi réir an cheanglais a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá siad cláraithe do chúrsa oiliúna chun deimhniú a fháil a chumhdaíonn an ghníomhaíocht ábhartha; agus

(b) déanann siad an ghníomhaíocht faoi mhaoirseacht duine ag a bhfuil deimhniú a chumhdaíonn an ghníomhaíocht sin agus atá lánfhreagrach as an ngníomhaíocht a chur i gcrích i gceart.

An maolú dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, beidh feidhm aige ar feadh na dtréimhsí a chaithfear i mbun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a dhéanamh, ar tréimhsí iad nach faide ná 24 mhí ina n-iomláine.

Airteagal 3

Daoine nádúrtha a dheimhniú

1. Déanfaidh comhlacht deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6 deimhniú a eisiúint do dhaoine nádúrtha ar éirigh leo i scrúdú teoiriciúil agus praiticiúil arna reáchtáil ag comhlacht meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 7, is scrúdú a chumhdaíonn an t-íosleibhéal scileanna agus eolais a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sa deimhniú:

(a) ainm an chomhlachta deimhniúcháin, ainm iomlán an tsealbhóra, uimhir an deimhnithe agus an dáta éaga más ann dó;

(b) an ghníomhaíocht atá sealbhóir an deimhnithe i dteideal a dhéanamh;

(c) an dáta eisiúna agus síniú an eisitheora.

3. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú do chomhlachtaí deimhniúcháin iarratasóirí a dhíolmhú ón gceanglas pas a fháil sa scrúdú dá dtagraítear i mír 1, i gcás ina bhfuair an t-iarratasóir scileanna agus eolas roimhe atá coibhéiseach leo siúd a liostaítear in Iarscríbhinn I.

Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do chomhlachtaí deimhniúcháin a cheangal ar iarratasóirí gan ach pas a fháil i scrúdú forlíontach, i gcás ina gcumhdaítear na scileanna agus an t-eolas a fuair an t-iarratasóir roimhe go páirteach faoi na scileanna agus faoin eolas a liostaítear in Iarscríbhinn I.

Airteagal 4

Deimhnithe le haghaidh daoine dlítheanacha

Beidh deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 5 ag na daoine dlítheanacha a dhéanann na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

Airteagal 5

Daoine dlítheanacha a dheimhniú

1. Déanfaidh comhlacht deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6 deimhniú a eisiúint do dhuine dlítheanach i leith na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) ar choinníoll go gcomhlíonann sé na ceanglais seo a leanas:

(a) fostaítear líon leordhóthanach daoine nádúrtha atá deimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 3, le haghaidh na ngníomhaíochtaí a gceanglaítear deimhniú ina leith, chun an méid gníomhaíochtaí a bhfuil coinne leis a chumhdach;

(b) cruthaítear go bhfuil na huirlisí agus na nósanna imeachta is gá ar fáil don phearsanra atá ag gabháil do na gníomhaíochtaí a gceanglaítear deimhniú ina leith.

2. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sa deimhniú:

(a) ainm an chomhlachta deimhniúcháin, ainm iomlán an tsealbhóra, uimhir an deimhnithe agus an dáta éaga más ann dó;

(b) an ghníomhaíocht atá sealbhóir an deimhnithe i dteideal a dhéanamh;

(c) an dáta eisiúna agus síniú an eisitheora.

Airteagal 6

Comhlacht deimhniúcháin

1. Sonróidh na Ballstáit sa dlí náisiúnta nó ainmneoidh siad an t-údarás nó na húdaráis atá inniúil chun comhlacht deimhniúcháin a ainmniú, ar comhlacht deimhniúcháin é atá údaraithe chun deimhnithe a eisiúint do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil baint acu le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán seo.

Beidh an comhlacht deimhniúcháin neamhspleách neamhchlaonta agus a chuid gníomhaíochtaí á ndéanamh aige.

2. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin nósanna imeachta a bhunú agus a chur i bhfeidhm maidir le deimhnithe a eisiúint, a fhionraí agus a tharraingt siar.

3. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin taifid a choinneáil ar bun chun gur féidir stádas duine nádúrtha nó dhlítheanaigh dheimhnithe a fhíorú. Is léiriú a bheidh sna taifid go ndearnadh an próiseas deimhniúcháin a chur i gcrích go cuí. Coimeádfar na taifid go ceann tréimhse 5 bliana ar a laghad.

Airteagal 7

Comhlacht meastóireachta

1. Eagróidh comhlacht meastóireachta a ainmneofar i ngach Ballstát scrúduithe do na daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 1(1). Féadfaidh comhlacht deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6 a bheith incháilithe mar chomhlacht meastóireachta freisin. Beidh an comhlacht meastóireachta neamhspleách neamhchlaonta agus a chuid gníomhaíochtaí á ndéanamh aiges.

2. Déanfar na scrúduithe a phleanáil agus a struchtúrú ar bhealach a áiritheoidh go gcumhdófar an t-íosleibhéal scileanna agus eolais a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Soláthróidh an comhlacht meastóireachta ionad scrúduithe lena n-áiritheofar sábháilteacht na n-iarratasóirí.

3. Déanfaidh an comhlacht meastóireachta nósanna imeachta tuairiscithe a ghlacadh agus taifid a choimeád chun gur féidir torthaí aonair agus torthaí iomlána na meastóireachta a dhoiciméadú.

4. Áiritheoidh an comhlacht meastóireachta go bhfuil ag na scrúdaitheoirí a sannfar scrúdú dóibh eolas cuí ar na modhanna scrúdaithe agus na doiciméid scrúdaithe ábhartha agus go bhfuil inniúlacht iomchuí acu sa réimse atá le scrúdú. Áiritheoidh sé freisin go mbeidh an trealamh, na huirlisí agus na hábhair is gá ar fáil le haghaidh na scrúduithe praiticiúla.

Airteagal 8

Coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach

1. Ní bheidh feidhm ag aitheantas frithpháirteach deimhnithe idir na Ballstáit ach amháin maidir le deimhnithe a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 3 do dhaoine nádúrtha agus i gcomhréir le hAirteagal 5 do dhaoine dlítheanacha, maidir leis na gníomhaíochtaí a shonraítear sna deimhnithe sin.

2. Ní fhorchuirfidh na Ballstáit aon mheastóireacht ná aon chineál eile nósanna imeachta um measúnú ná aon cheanglas riaracháin díréireach ar shealbhóirí deimhnithe arna n-eisiúint ag Ballstát eile chun na deimhnithe sin a aithint nó chun rochtain ar fhostaíocht a cheadú do shealbhóirí na ndeimhnithe sin le haghaidh na ngníomhaíochtaí a shonraítear iontu.

3. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar shealbhóirí deimhnithe a eisíodh i mBallstát eile aistriúchán ar an deimhniú i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais a sholáthar.

Airteagal 9

Deimhnithe, cúrsaí athnuachana nó próisis mheastóireachta atá ann cheana

1. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar leis na cúrsaí oiliúna athnuachana nó na próisis mheastóireachta mar a cheanglaítear faoi Airteagal 10(9) de Rialachán (AE) 2024/573 cruthúnas ar eolas praiticiúil agus teoiriciúil agus ar scileanna na ndaoine nádúrtha deimhnithe a shonraítear in Iarscríbhinn I.

2. De bhun Airteagal 10(9) de Rialachán (AE) 2024/574, áiritheoidh na Ballstáit faoi Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 304/2008 nach gceadaítear do shealbhóirí deimhnithe atá ann leanúint de na deimhnithe sin a úsáid ach amháin má nuashonraíonn siad a n-eolas agus a scileanna go dtí leibhéal an eolais agus na scileanna is gá le haghaidh an deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo agus a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis.

Airteagal 10

Aisghairm

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 304/2008.

2. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn II.

Airteagal 11

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINNI

Na híoscheanglais maidir leis na scileanna agus leis an eolas atá le cumhdach ag na comhlachtaí meastóireachta

Cumhdófar an méid seo a leanas sa scrúdú dá dtagraítear i mír 7:

(a) scrúdú teoiriciúil ina mbeidh ceist amháin nó níos mó chun an scil nó an t-eolas sin a thástáil, mar a léirítear le (T) sa cholún 'Cineál tástála';

(b) scrúdú praiticiúil ina ndéanfaidh an t-iarratasóir an tasc comhfhreagrach leis an ábhar, leis na huirlisí agus leis an trealamh ábhartha, mar a léirítear le (P) sa cholún 'Cineál tástála'.

Uimh.	Eolas agus scileanna íosta	Cineál tástála
1.	Tuiscint bhunúsach ar reachtaíocht an Aontais agus ar an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, go háirithe an Rialachán maidir le gás ceaptha teasa fluairínithe (AE) 2024/573 agus Rialachán (AE) 2024/590 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) (an Rialachán maidir le hídiú an chisil ózóin). Eolas bunúsach ar shaincheisteanna ábhartha comhshaoil (an t-athrú aeráide, cuspóirí aeráide an Aontais, Comhaontú Pháras, leasú Kigali ar Phrótacal Montréal, poitéinseal téimh dhomhanda na ngás ceaptha teasa fluairínithe, tionchair substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS))	T
2.	Eolas bunúsach ar na caighdeáin theicniúla ábhartha	T
3.	Eolas bunúsach ar fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2024/573 agus ar na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha	T
4.	Eolas maith ar na cineálacha éagsúla trealaimh cosanta dóiteáin do-aistrithe i margadh an Aontais (trealamh atá ann cheana agus trealamh nua) ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó a roghanna malartacha chomh maith lena dtionchar ar an gcomhshaol	T
5.	Eolas maith ar chineálacha comhlaí, meicníochtaí gníomhrúcháin, láimhseáil shábháilte, sceitheadh a chosc agus sceitheadh	T
6.	Eolas maith ar an trealamh agus ar na huirlisí is gá le haghaidh láimhseáil shábháilte agus cleachtais oibre	T
7.	An cumas coimeádáin córas cosanta dóiteáin do-aistrithe a shuiteáil, ar coimeádáin iad atá ceaptha chun gáis ceaptha teasa fhluairínithe a choinneáil nó a roghanna malartacha	P
8.	Eolas ar chleachtais chearta chun coimeádáin bhrúchóirithe ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó a roghanna malartacha a bhogadh	T
9.	An cumas taifid córais a sheiceáil le haghaidh sceitheadh agus a aithint cad í an fhaisnéis ábhartha faoi aon saincheist nó fadhb a tharlaíonn arís agus arís eile	T
10.	Cumas seiceáil amhairc agus láimhe a dhéanamh ar an trealamh le haghaidh sceite. Maidir le córais, déanfar seiceáil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1497/2007 ón gCoimisiún ([2])	P
11.	Eolas ar chleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol chun gáis ceaptha teasa fhluairínithe a athshlánú ón trealamh cosanta dóiteáin do-aistrithe agus chun iad a luchtú.	T

([1]) Rialachán (AE) 2024/590 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 (IO L, 2024/590, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/590/oj).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1497/2007 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2007 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, na ceanglais chaighdeánacha a bhaineann le seiceálacha ar sceitheadh do chórais chosanta dóiteáin do-aistrithe ina bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe áirithe (IO L 333, 19.12.2007, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/1497/oj).

IARSCRÍBHINNII

Tábla Comhghaoil

Rialachán (CE) Uimh. 304/2008	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2(1)	Airteagal 2(1)
Airteagal 2(2)	Airteagal 2(2)
Airteagal 2(3)	Airteagal 2(3)
Airteagal 3(1)	—
Airteagal 3(2)	—
Airteagal 4(1)	Airteagal 3
Airteagal 4(2)	—
Airteagal 4(3)	—
Airteagal 5(1)	Airteagal 4
Airteagal 5(2)	Airteagal 4(2)
Airteagal 5(3)	—
Airteagal 5(4)	Airteagal 4(3)
Airteagal 6(1)	—
Airteagal 6(2)	—
Airteagal 6(3)	—
Airteagal 7(1)	Airteagal 5
Airteagal 7(2)	—
Airteagal 8(1)	Airteagal 6(1)
Airteagal 8(2)	Airteagal 6(2)
Airteagal 9(1)	—
Airteagal 9(2)	—
Airteagal 9(3)	—
Airteagal 10(1)	Airteagal 7(1)
Airteagal 10(2)	Airteagal 7(2)
Airteagal 10(3)	Airteagal 7(3)
Airteagal 11(1)	Airteagal 8(1)
Airteagal 11(2)	Airteagal 8(2)
Airteagal 11(3)	Airteagal 8(3)
Airteagal 11(4)	Airteagal 8(4)
Airteagal 12(1)	—
Airteagal 12(2)	—
Airteagal 12(3)	—
Airteagal 12(4)	—

Rialachán (CE) Uimh. 304/2008	An Rialachán seo
Airteagal 13(1)	Airteagal 9(1)
Airteagal 13(2)	Airteagal 9(3)
Airteagal 14	Airteagal 12